

# ❖ An Lúibín ❖

17 Eanáir 2024

## Cnámha Scoilte (Bobtail Books, 2024)

*A just-published bilingual collection of prose poetry by Julie Breathnach-Banwait, an Australian poet from Conamara.*

Tá dhá chnuasach liricí foilsithe cheana ag Julie Breathnach-Banwait - *Dánta Póca* (Coiscéim) in 2020 agus *Ar Thóir Gach Ní* (Coiscéim) in 2022. Rud nua ar fad is ea cnuasach dá cuid a foilsíodh anois beag. Píosaí prósfhilíochta atá ann, agus tá a leithéid an-neamhchoitianta i litríocht na Gaeilge, cé nach deacair samplaí di a fháil i dteangacha eile. Baineann an phrósfhilíocht fónamh as meafair, samhlaoidí, rithim agus rím mar a dhéanann an fhilíocht féin, ach gan línte briste.

Áirítear an leabhar seo ar an mbeagán saothar Gaeilge a foilsíodh san Astráil go dtí seo. As Ceantar na nOileán i gContae na Gaillimhe do Julie, agus tógadh le Gaeilge í. Tá cuid den domhan síúlta aici ó shin agus a rian sin ar a bhfuil sa leabhar – míreanna faoin Astráil, an Mhalaeisia, an tSeapáin, an tSín, agus faoi Éirinn féin.

Sliocht as an leabhar:

### Fánaí

Níor chuir mé súil orthu, níor dhiúil mé tairbh as a gcríonnacht, na tithe lúbtha cama úd, ag crónán amach seanchais is staire ar shráideanna, i bhfolach i scáil na seiceamar óir, i measc na mbolcán marbh millteach, ar dhroim na ndroichead cruiteach leis na huiscí tultacha ag scairdeadh i srutháin shíodúla, mar gur chodail siad i m'intinn is m'anam, is mé báite sa gcreafóg dhearg, cruógach á mbrú ó chuimhne, á gcur, á séanadh, á bhfágáil ag mo dhaoine chun a n-iontas is a n-áilleacht a adhradh ar mo shon. Bheannaigh siad díom mar dheoraí, ar nós gur chuma leo, gur fhill mé abhaile.



## Iarthraidisiúnta

*Irish has adapted well to a modern urban environment, but risks losing certain things that make the language distinctive.*

Féach arís na figiúirí teanga, de réir dhaonáireamh na hÉireann, 2022: 71,968 duine a bheith ag úsáid Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais. Bhí 20,261 duine díobh le fáil sa Ghaeltacht agus 51,707 le fáil lasmuigh den Ghaeltacht. Tá an-tábhacht leis cainteoirí laethúla, ós iadsan is mó a choinníonn an teanga ina beatha, go háirithe sna cathracha, agus go háirithe i mBaile Átha Cliath. I ndáiríre, is dócha go bhfuil an ceart acu siúd a deir gurb éard atá i ndán don Ghaeilge í a bheith ina criól cathrach, thuaidh agus theas.

Mar léargas ar an gcriólú sin, seo cuid dá raibh le rá ar Reddit ag duine a bhfuil suim aige i dteangacha agus ar tháinig an-suim aige sa Ghaeilge:

And so when I started getting serious about learning Irish, it wasn't too much trouble to figure out the basic phonetics (a tapped "r", a fricative "ch", the distinctions between broad and slender). So it came as a great surprise to me when I heard speakers using English sounds to speak Irish (I first noticed it in the remakes of pop songs as Gaeilge).

Dúradh le mo dhuine gurbh é an leagan Béarlaithe seo den teanga a bhí ag teacht i réim agus go raibh a rian sin ar an ngramadach chomh maith. Is beag an meas a bhí aige féin ar an leagan 'nua' seo den teanga ar dtús, ach b'fhéarr an tuiscint a bhí aige i gceann tamaill ar na cúiseanna atá leis.

Is soiléir iad cuid de na cúiseanna sin. Béarla a bheith ina theanga dhúchais ag formhór na nGaeilgeoirí agus a rian sin le haithint, mar sin, ar a gcuid Gaeilge (mar a bheadh sé le haithint ar a gcuid Fraincise nó Gearmáinise). Formhór na múinteoirí Gaeilge a bheith gan eolas cruinn ar fhoghraíocht na teanga. Agus, ar ndóigh, is annamh aithne ag Gaeilgeoirí ar chainteoirí traidisiúnta, rud a fhágann nach bhfuil eiseamláirí ann.

Ba cheart, agus tú ag éisteacht le Gaeilge, go mbeadh an blas atá uirthi chomh heachtrannach leis an mblas atá ar Ghréigis nó ar Pholainnis. Faoi láthair tá athrú an-suimiúil ag titim amach – dhá theanga ag druidim isteach le chéile i dtaca le foghraíocht agus le cora cainte, agus an Ghaeilge faoi scáth an Bhéarla i gcónaí.

Tá clú ar Bhrian Ó Broin, acadóir Gael-Mheiriceánach, as a chuid taighde ar an gceist seo. Féach an chomparáid mhionsonraithe a rinne sé idir Ghaeilge na gcainteoirí ar Raidió na Gaeltachta agus Gaeilge na gcainteoirí ar na stáisiúin chathrach Raidió na Life agus Raidió Fáilte. Cuireann a anailís in iúl go bhfuil canúint nua (caint ar chóir ‘pidsean’ a thabhairt uirthi, b’fhéidir) ag fás i measc Gaeilgeoirí. Tá fuaimniú agus moirfeolaíocht shimplithe na canúna seo neamhbhuan fós, toisc (is dócha) nach labhraíonn formhór na nGaeilgeoirí Gaeilge sa bhaile (agus dá bhrí sin nach bhfuil timpeallacht dhúchasach teanga acu) agus toisc gur beag baint atá acu leis an nGaeltacht. Béarla a dteanga dhúchais den chuid is mó, agus foghlaimíonn siad a gcuid Gaeilge ar scoil agus óna gcairde, rud a fhágann nach canúint shocair fós í. Sin mar a bheidh an scéal, is dócha, go dtí go mbeidh líon mór Gaeilgeoirí ag tógáil a gclainne le Gaeilge agus cainteoirí dúchais nua ann dá bharr, in éineacht le canúint nó criól seasmhach. Is cuid suntais é go bhfuil an Ghaeilge chathrach seo difriúil lena lán pidsean sa mhéid go bhfuil foclóir agus comhréir aici atá réasúnta sofaisticiúil.<sup>1</sup>

I bpáipéar le Heike Weise déantar staidéar ar chanúintí teagmhála a tháinig chun cinn i measc daoine óga i gcathracha a bhfuil teangacha agus grúpaí eitneacha ag teacht le chéile ann. Ina lán tíortha Afraiceacha eascraíonn canúintí measctha ilteangacha uaidh seo, ach i gcathracha Eorpacha tá claonadh ann chun teanga amháin a úsáid, agus déantar leaganacha éagsúla den teanga sin dá bharr.<sup>2</sup> I gcás na Gaeilge, chuirfí sampla na hAfraice i gcuimhne duit.

Bhain beirt eile, John Walsh agus Rosemary Day, feidhm as Raidió na Life chun ceist na Gaeilge cathrach a scagadh.<sup>3</sup> Thosaigh Raidió na Life ag craoladh in 1993 chun seirbhís chuimsitheach a sholáthar do Bhaile Átha Cliath, daoine a chur an eolas faoin teanga agus pobal Gaeilge a chothú.

Cé go raibh cainteoirí dúchais le fáil imeasc na gcaoltóirí ó thús, tá formhór na gcaoltóirí ina gcainteoirí cathrach a fuair oideachas trí Ghaeilge i mBaile Átha Cliath nó a tógadh le Gaeilge nó leis an dá theanga. Fáiltíonn an stáisiún roimh chainteoirí de gach cineál – idir dhaoine an-líofa (cuid acu ón nGaeltacht) agus dhaoine eile a bhfuil Gaeilge níos measctha acu. Chuir na taighdeoirí agallamh ar sheachtar nár tógadh le Gaeilge ach ar fhoghlaim a bhformhór a gcuid Gaeilge ar scoil agus ar bheag an bhaint a bhí acu leis an nGaeltacht. Bhain ceathrar díobh feidhm as an teanga ina ngairm phroifisiúnta. I gcás cuid den seachtar, bhí úsáid a gcuid Gaeilge láidir seal agus lag seal de réir na tréimhse, rud a léiríonn conas a bheadh an teanga ceangailte de réimse amháin dá saol. Dúirt a raibh ann go tréan go ndeachaigh a gcuid oibre sa stáisiún chun sochair dá gcuid Gaeilge agus deis acu an teanga a labhairt chomh minic sin. Bhí a fhios acu gur lochtaíodh caighdeán Gaeilge an stáisiún ach mhothaigh siad gur chuid fhiúntach de chultúr Raidió na Life fáilte a chur roimh an oiread sin cainteoirí iarthraidisiúnta.

Tugann seo léargas ar líonra cainteoirí a bhfuil éagsúlacht ag roinnt leo agus atá fréamhaithe go maith ina n-áit féin, ach a bhfuil gá acu le pointí teagmhála, mar nach pobal iad.

Seo roinnt fiseán a léiríonn na cineálacha Gaeilge atá ag Gaeilgeoirí difriúla. Cloíonn Louis de Paor agus Méabh Ní Choileáin le foghraíocht nach bhfuil rófhada ón nós traidisiúnta; tá fíorbhlas na cathrach ar Ghaeilge na coda eile.

<sup>1</sup> [https://www.academia.edu/1685834/Urban\\_Irish\\_Systematically\\_Analyzed\\_Dialect\\_Pidgin\\_Creole](https://www.academia.edu/1685834/Urban_Irish_Systematically_Analyzed_Dialect_Pidgin_Creole): Urban Irish Systematically Analyzed - Dialect? Pidgin? Creole?

<sup>2</sup> [https://www.academia.edu/34667775/Urban\\_contact\\_dialects?uc-g-sw=1685834](https://www.academia.edu/34667775/Urban_contact_dialects?uc-g-sw=1685834)

<sup>3</sup> <https://www.tandfonline.com/doi/full/10.1080/01434632.2021.1955893>; ‘New speakers’ on Irish language community radio: new understandings of linguistic variation on Raidió na Life, John Walsh & Rosemary Day: 19/7/2021, *Journal of Multilingual and Multicultural Development*

<https://www.youtube.com/watch?v=8-OSxfnSLog&t=713s>

Louis de Paor – An Nua-Fhilíocht

<https://www.youtube.com/watch?v=ZGNZqPEcEBM>

Agallamh le Méabh Ní Choileáin: Mí Dhomhanda an Uathachais - "Freya Harte is not a Puzzle"

<https://www.youtube.com/watch?v=IFJv7VPPCLE>

Cén fáth a bhfuil gá le scéim Gaelbhreach?

<https://www.youtube.com/watch?v=cQsm9JPe794>

Gaeilge Ar Líne le Éadaoin Nic Mhuiris



### An 'Ghaeltacht'

*The Gaeltacht, it turns out, is whatever you want it to be, depending on your time and need.*

In 2005 d'fhoilsigh Cois Life *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922: samhlú agus buanú chonstráid na Gaeltachta i rith na hAthbheochana*, leabhar leis an Dr Caitríona Ó Torna.<sup>4</sup> Bhí sé thar am a leithéid de staidéar a dhéanamh – cíoradh ar an tuiscint a bhí ag glúin na hAthbheochana ar an limistéar a dtugtar 'Gaeltacht' air. Bhí eolas ag an nglúin sin ar ar bhochtanas na gceantar Gaeltachta (agus moltaí á ndéanamh acu chun an scéal a fheabhsú), ach ina theannta sin rinne siad na ceantair sin a idéalú. Scríobh an Píarsach féin faoin mbochtanas sin, cé gurb é an t-idéalachas atá in uachtar ina chuid gearrscéalta. Lucht na hAthbheochana féin a chruthaigh an Ghaeltacht mar shamhlaid. Tá an fonn feabhsaithe agus an t-idéalú le haithint go soiléir fós ar bheartas cultúrtha an Stáit. Féach Údarás na Gaeltachta, Raidió na Gaeltachta, pleananna teanga, an tuairim gurb í an Ghaeltacht (nó a fuíoll) foinse agus tobar na teanga agus na féiniúlachta. Déantar talamh slán de nach ceadaithe an Ghaeilge a ligean chun báis ann.

An féidir leis an nGaeilge teacht slán sa Ghaeltacht? Is iomaí duine a déarfadh nach féidir léi, agus go mbeidh a laghad sin cainteoirí óga ann i gceann glúine eile, dá dhíograisí iad, nach féidir leo pobal Gaeilge a chothú. Ní féadtar brí na staitisticí a shéanadh. In 2022 ní raibh ach 15% de pháistí Gaeltachta idir trí agus ceithre bliana d'aois ag úsáid Gaeilge gach lá. Ní raibh ach duine as deichniúr sa ghrúpa céanna líofa. Sna ceantair Ghaeltachta is láidre, bhí Gaeilge ar a dtail ag 83% de na tuismitheoirí, ach níor labhair ach 46% dá gclann Gaeilge sa bhaile.

Cuireadh an-suim i bpíosa le Máire Ní Fhinneadha, iriseoir as Conamara, ar *Tuairisc* agus í ag scríobh faoi fhear ina ceantar dúchais a bhíodh ag maíomh nár labhair sé aon fhocal Gaeilge riamh lena chlann 'agus go raibh Gaeilge acu chomh maith le chuile dhuine – agus bhí'.

D'fhan a gcuid Béarla taobh istigh den doras mar Gaeilge amháin a bhí ina dtimpeall agus sa scoil. Ní hamhlaidh an scéal inniu. D'imigh sin agus tháinig an Béarla chugainn thar toinn, ar an teilifís, sna hamhráin agus ar an bhfón agus d'amplaigh muid chugainn é gan dua ná anró mar earra an-áisiúil go deo a bhí ann ar deacair déanamh dá uireasa, rud nach bhféadfaí a rá faoin teanga eile.<sup>5</sup>

Deir an staitisteoir Donncha Ó hÉallaithe go bhfuil dóchas éigin ann.<sup>6</sup> Tá roinnt daoine óga ag iarraidh an teanga a chaomhnú sa Ghaeltacht agus a lán acu páirteach sa bhrúghrúpa nua Bánú. Tá imní orthu faoin easpa tithe atá ar an nGaeltacht agus ba mhaith leo an cúram sin a chur ar Údarás na Gaeltachta. Fadhb í atá ag cur isteach ar An Rinn agus Cois Fharráige, áiteanna a bhfuil poist mhaithe le fáil ag daoine óga in TG4 agus eile. Chomh maith leis sin bunaíodh Tuismitheoirí na Gaeltachta, grúpa beag a bhfuil rún acu daoine a spreagadh chun a gclann óg a thógáil le Gaeilge.<sup>7</sup>

Tá a lán moltaí déanta ag Ó Héallaithe chun an dé a choinneáil sa teanga sa Ghaeltacht.

<sup>4</sup> Féach 'Comhrá leis an gConradh' (Eagrán 2): Dr Caitríona Ó Torna, *Cruthú na Gaeltachta 1893 – 1922*: <https://www.youtube.com/watch?v=slYtDUgDdYM>

<sup>5</sup> <https://tuairisc.ie/why-are-your-speaking-irish-mammy-cas-na-gaeilge-sa-ghaeltacht/>

<sup>6</sup> <https://www.irishtimes.com/life-style/people/2023/12/30/can-irish-survive-as-an-everyday-language-in-the-gaeltacht/>: 'Can Irish survive as an everyday language in the Gaeltacht?' Donncha Ó hÉallaithe, 31/12/2023

<sup>7</sup> <https://tuairisc.ie/teaghligh-ghaeltachta-larnach-i-bhfeachtas-nua-faoi-thogail-clainne-le-gaeilge/>

1. Scéim nua Labhairt na Gaeilge a chur ar bun chun tuismitheoirí a spreagadh chun a gclann a thógáil le Gaeilge.
2. Cumhacht agus maoiniú a thabhairt d'Údarás na Gaeilge chun talamh a cheannach, pleanáil a dhéanamh agus seirbhísí a sholáthar.
3. Teorainneacha na Gaeltachta a atarraingt (ba cheart cathair na Gaillimhe a fhágáil amach, mar shampla).
4. Comhthionól Saoránach a bhunú chun a fháil amach céad ba mhaith le daoine i dtaca leis an nGaeltacht agus leis an nGaeilge.
5. Cur ar chumas foilsitheora iris tharraingteach a chur amach a chuirfeadh béim ar scéalta Gaeltachta.

Níl na moltaí sin go dona iontu féin. Ach tá mo dhuine, amhail a lán eile, sáite sa Ghaeltacht mar rud beagnach naofa, rud beannaithe, rud atá ina thaiseagán, cé nach mbéarfai air á rá sin go neamhbhalbh.

Is léir go bhfuil an 'Ghaeltacht' fóna ar a lán slite fós – í ina dearbhú polaitiúil, ina comhartha cultúrtha, ina cúis aiféala, ina gairm slógaidh. Ach is féidir a áitiú nach bhfuil gá anois leis an nGaeltacht mar chomhartha ar an dúchas agus mar shamhlaoid idé-eolaíoch. An saol a bhí ann nuair a bhí an Athbheochan faoi lán seoil tá sé imithe anois, agus tá éileamh ar an teanga i réimsí eile. Cuid mhaith de na hiarrachtaí a dhéantar ar an nGaeltacht a 'shábháil' níl iontu ach cumha i ndiaidh an ruda a chuaigh i gcré. D'imigh an sean, tiocfaidh an nua – fiú más iad na sean-nósanna cainte is ansa leat.



### Agus píosa ceoil

*An elegant adaptation of a piece by O'Carolan.*

'Sí Bheag, Sí Mhór,' fonn le Toireallach Ó Cearúlláin, cóirithe ag Marja Gaynor, seinnte ag Camerata Kilkenny agus ag David Power ar an bpíob uilleann, ó RTÉ Lyric FM, *The Piper and the Fairy Queen*: [rte.ie/lyricreleases](http://rte.ie/lyricreleases).

<https://www.youtube.com/watch?v=am4eJPIoMbc>



### Gile na gile

*Hostile attitudes to black Irish-speakers are not unknown. Yet Irish has a long black history.*

'Gile na gile,' a deir an file agus é ag caint ar aisling: deir daoine éigin fós é agus doicheall orthu roimh chainteoirí Gaeilge nach bhfuil cneas geal orthu. Cuireadh an méid seo i gcuimhne dúinn agus sinn ag éisteacht arís le hagallamh ar an gclár 'Tús Áite' (Raidió na Gaeltachta) in 2020 le Ola Majekodunmi, Gaeilgeoir de phór Nigéarach a fuair maslaí ar líne (**féach an comhad fuaimne atá nasctha leis an ríomhphost seo**).

A mhalairt de thuairim atá againne: dá mhéad éagsúlacht atá ag roinnt le lucht na Gaeilge is ea is fearr é. Fáiltíonn *An Lúibín* roimh Ghaeilgeoirí as gach cearn, is cuma cén dath atá ar a ggraceann nó cén tuin atá ar a dteanga.

Ó thaobh na staire de, ná déanaimis dearmad de na daoine gorma a bhí ina gcainteoirí dúchais Gaeilge ar oileáin Mhuir Chairib. Bhain Éireannaigh (idir mháistrí agus searbhóntaí dintiúr) Muir Chairib amach chomh luath leis na 1620í, tamall maith roimh Chromail, agus bhí Éireannaigh fir ag luí le sclábhaithe mná ón Afraic ó thús. Ba mhinic Gaeilge ag a gclann. Sna 1640idí chuir lucht Chromail dream eile amach ina searbhóntaí dintiúr, agus ba é an scéal céanna acu é. Bhí siad le fáil i San Críostóir, Barbados, Niveas, Antigua, Montsarat agus Iamáice (oileán ar bhain an Bhreatain den Spáinn é in 1655). Luadh na hÉireannaigh le Montsarat go háirithe, agus in 1780 dúirt an geografáí Thomas Jeffrey in *The West India Atlas* (1780) 'that the use of the Irish language is preserved on the island, even among the Negroes'.

Chuala Amhlaibh Ó Súilleabháin, dialannaí, múinteoir agus ceannaí i gContae Chill Chainnigh, an scéal céanna: 'Is clos dom gurb í an teanga Ghaeilge is teanga mháthartha i Monserrat san India Thiar ó aimsir Olibher Cromail, noch do dhíbhir cuid de chlanna Gael ó Éirinn gusan Oileán sin Montserrat. Labhartar an Ghaeilge ann go coiteann le daoine dubha agus bána' (1831). In 1905, i litir a foilsíodh in *The Atheneum*, luaigh W.F. Butler duine aitheantais darbh ainm C. Cremen. Bhí aithne ag Cremen ar Sheán Ó Donnabháin ó Chontae Chorcaí, athmhairnéalach a

chuaigh i dtír ar Mhontsarát in 1852: ‘He said he was much surprised to hear the negroes actually talking Irish among themselves, and that he joined in the conversation...’.

Cuimhnimis chomh maith ar Samuel Burke, Gaeilgeoir gorm a rugadh in Charleston i Meiriceá timpeall 1755, ach ar tógadh é i gContae Chorcaí. In 1774 d’fhill sé ar Mheiriceá le Montford Browne, gobharnóir Florida Thiar. I dtús na Réabhlóide chuaigh siad go Nua-Eabhrac, áit ar bhain Burke feidhm as a chuid Gaeilge chun áitiú ar dhugairí Éireannacha dul in Arm na Breataine. Bhí Burke féin ina shaighdiúir, agus tar éis an chogaidh chuir sé faoi i Londain.

‘Afra-Éire’ an clár atá ag Ola Majekodunmi ar Raidió na Life, clár faoin bpobal Afra-Éireannach in Éirinn agus faoi chúrsaí na hAfraice i gcoitinne, idir dea-scéalta agus fhadhbanna, agus é beo le ceol na hAfraice. Cuidíonn a leithéid le gaoth nua a chur ag séideadh i saol cúng na Gaeilge, gaoth cháite chórach a shéidfidh do dhaoine éigin.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

Dánta le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

### **Namhaid**

Tháinig tú air i lár an mhachaire  
is an solas ramhar le dorchacht  
ag bualadh sonra  
a bhí ag borradh le gach buille:  
mo namhaid mo namhaid  
a dúirt sé  
is an machaire beo le bláthanna péine  
le bláthanna báis  
a leigheasfadh do chrá

### **Reilig**

Bóthar caol  
idir chrainn ghuma  
an reilig ina tonn  
le fána  
an ghaoth  
ag ríomh na marbh  
comharsana  
na seana a tháinig  
anall ón gClár